**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** ☞ | | **Móriomlán na Marcanna** | |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006
## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

**(200 marc)**

**AN AOINE, 9 MEITHEAMH - MAIDIN 10.15 go dtí 11.45**

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bunleathanaigh | |
| 2. Iomlán carnach ceisteanna a dícheadaíodh | |
| 3. **An t-ollmharc** a bronnadh (i.e. 1. lúide 2. thuas) | |
| **Nóta**: Is den riachtanas é go bhfreagródh **an t-ollmharc** ag 3. thuas don IOMLÁN sa ghreille ar dheis. | |

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| CT | |
| **MÓRIOMLÁN** | |
| GRÁD | |




**Thall →**


## ROINN I – LÉAMHTHUISCINT (100 marc)

Freagair **gach** ceist.

**CEIST 1.** Scríobh an abairt cheart sa spás faoi gach pictiúr. **(20 marc)**

(a) Oscail an fhuinneog! Tá an seomra an-te.
(b) Bíonn Seán ag obair san ollmhargadh ar an Satharn.
(c) Ghortaigh Sarah a lámh agus ní féidir léi scríobh.
(d) Tóg an madra sin amach as an rang!
(e) Is maith le Darren an iascaireacht.
(f) Cluiche peile ar siúl i gclós na scoile.













**CEIST 2.** Léigh an **fógra** thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. **(40 marc)**

**Coláiste an Phiarsaigh**
**Baile Átha Cliath**

## Turas Lae go Corcaigh

**Dé Sathairn 20 Bealtaine 2006**

| | |
|---|---|
| 8.30 a.m. | Traein go Corcaigh. |
| 10.40 a.m. | Turas go dtí an Zú i bhFóta. |
| 1.00 p.m. | Lón san Óstán Silver Springs. |
| 2.30 p.m. | Cuairt ar Halla na Cathrach. |
| 4.00 p.m. | Cluiche peile i bPáirc Uí Chaoimh: Baile Átha Cliath v Corcaigh. |
| 5.30 p.m. | Siopadóireacht sa chathair. |
| 6.15 p.m. | Sceallóga agus burgair i Supermacs. |
| 9.30 p.m. | Traein abhaile go Baile Átha Cliath. |

Ticéid – €40 – le fáil ón Rúnaí – roimh 10 Bealtaine.

**Ceisteanna**:

**1.** Cá bhfuil Coláiste an Phiarsaigh?

| | |
|---|---|
| I gCorcaigh | |
| I mBaile Átha Cliath | |
| I bhFóta | |

**2.** Cad a dhéanfaidh siad **roimh** lón?

| | |
|---|---|
| Siopadóireacht | |
| Turas go dtí an Zú i bhFóta | |
| Cuairt ar Halla na Cathrach | |

**3.** Cén t-am a bheidh an cluiche peile ar siúl?

| | |
|---|---|
| 2.30 p.m | |
| 4.00 p.m | |
| 6.15 p.m | |

**4.** Cá mbeidh siad ag 6.15 p.m.?

| | |
|---|---|
| Ar an traein | |
| I bPáirc Uí Chaoimh | |
| I Supermacs | |

**5.** Cé mhéad atá ar thicéad?

| | |
|---|---|
| €20 | |
| €10 | |
| €40 | |

**6.** Luaigh **dhá** rud a rinne siad **tar éis** lóin.

1. ______________________________


2. ______________________________

**CEIST 3.** Freagair (a) **agus** (b). **(40 marc)**

Léigh an dá **alt nuachta** seo agus freagair na ceisteanna atá fúthu.

## (a) DÁITHÍ Ó LOIDEÁIN – CEOLTÓIR AGUS DAMHSÓIR

Tá Dáithí Ó Loideáin ina chónaí sa Spidéal i gContae na Gaillimhe. Is ceoltóir agus damhsóir é. Bhuaigh sé Comórtas Amhránaíochta Jacobs sa bhliain 2005 leis an amhrán *Drives Home* a scríobh sé féin. Thosaigh sé ar an damhsa Gaelach nuair a bhí sé cúig bliana d'aois. Bhuaigh sé an chéad duais in Oireachtas Rince Chonnachta nuair a bhí sé seacht mbliana d'aois. Bhain sé an chéad áit amach sa Chraobh Rince Domhanda dhá bhliain ina dhiaidh sin. Nuair a bhí sé trí bliana déag ghortaigh sé a chos agus d'éirigh sé as an damhsa. Tá sé ag déanamh ceoil agus amhrán i gcónaí agus gach seans go mbeidh sé ag damhsa arís, amach anseo. Ta Dáithí ag freastal ar Choláiste Cholmcille in Indreabhán.



**1.** Cá bhfuil Dáithí Ó Loideáin ina chónaí? ______________________________

**2.** Cén Comórtas a bhuaigh Dáithí i 2005?

| | |
|---|---|
| Oireachtas Rince Chonnachta | |
| Comórtas Amhránaíochta Jacobs | |
| Craobh Rince Domhanda | |

**3.** Cén aois a bhí ag Dáithí nuair a ghortaigh sé a chos?

| | |
|---|---|
| Cúig bliana d'aois | |
| Trí bliana déag d'aois | |
| Seacht mbliana d'aois | |

## (b) LINDA MARTIN – AMHRÁNAÍ & PEARSA TEILIFÍSE

Rugadh Linda Martin i mBéal Feirste. Tá clú agus cáil uirthi mar amhránaí agus mar phearsa teilifíse. Bíonn sí ar an teilifís go minic agus chonaic a lán daoine í sa chlár *You're a Star*. Bíonn sí le feiceáil ar go leor clár eile a bhaineann le ceol agus amhránaíocht. Bhuaigh sí an Comórtas Amhrán Eurofíse i Malmo sa bhliain 1992 leis an amhrán *Why me*? Johnny Logan a scríobh an t-amhrán sin di. Bhuaigh Johnny féin an comórtas sa bhliain 1980 agus arís sa bhliain 1987. Tá Linda ina cónaí i gContae Átha Cliath anois agus tá a lán peataí aici mar tá cion mór aici ar ainmhithe.



**1.** Cár rugadh Linda Martin? ______________________________________________

**2.** Cén bhliain a bhuaigh Linda an Comórtas Eurofíse?

| | |
|---|---|
| 1987 | |
| 1992 | |
| 1980 | |

**3.** Cá bhfuil Linda ina cónaí anois?


| | |
|---|---|
| I mBéal Feirste | |
| I Malmo | |
| I gContae Átha Cliath | |

**ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA** **(100 marc)**

**CEIST 4.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

**LAETHANTA SAOIRE I gCONTAE AN CHABHÁIN**




Tá tusa agus do mhuintir ar laethanta saoire san áit seo. Scríobh **cárta poist** chuig do chara ag insint dó/di faoin áit.

**NÓ**

(b) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

## LAETHANTA SAOIRE I gCONTAE AN CHABHÁIN



**Tá tusa anseo**

Bhí tusa agus do mhuintir ar saoire san áit seo an samhradh seo caite. Seo pictiúr de na rudaí a bhí ar siúl agaibh lá amháin. Ba mhaith leat **cuntas** (6 abairt) faoin lá sin a scríobh i do **dhialann**.

Scríobh an **cuntas** (6 abairt) trí na ceisteanna seo a fhreagairt.

1. Cén chaoi a raibh an aimsir? ____________________

2. Cad a bhí ar siúl ag do Dhaid? ____________________

   ____________________

3. Cad a bhí ar siúl ag do Mhamaí? ____________________

   ____________________

4. Cad a bhí ar siúl ag do sheanmháthair? ____________________

   ____________________

5. Cad a bhí ar siúl agat féin? ____________________

   ____________________

6. Cad a bhí le feiceáil ar an loch? ____________________

   ____________________

**Thall →**

**CEIST 5.** Freagair (a) **nó** (b). **(30 marc)**

(a) Léigh an **fógra** seo.

# FÓGRA

SEÓ FAISIN I gCOLÁISTE MHUIRE

**ÉADAÍ DO BHUACHAILLÍ AGUS DO CHAILÍNÍ**

Dé Sathairn 27 Bealtaine
8.30 p.m.
Ticéid €20

*Ceol – tae agus ceapairí – crannchur le duaiseanna speisialta – an t-airgead go léir ag dul do leanaí bochta na hAfraice*

Ba mhaith leat dul go dtí an seó faisin seo le do chara Caitríona. Scríobh cuireadh chuici ag iarraidh uirthi dul go dtí an seó faisin leat.

**N.B.** Is tusa Róisín.

**CUIREADH**

A Chaitríona, a chara,

Slán go fóill,
Róisín

# NÓ


(b)



1. Obair bhaile



2. Madra



3. Nóta




4. Ag siúl leis an madra go dtí an pháirc

Tá tusa agus do dheartháir Beirtí sna pictiúir thuas. Beidh do Mhamaí ar ais ag 8.00 p.m.
Fág **NÓTA** do do Mhamaí. (Bróna is ainm duit féin.)

Inis sa **Nóta** :-

- Cad a bhí ar siúl agaibh sa seomra (Pictiúr 1);
- Cad a tharla ansin (Pictiúr 2);
- Cá bhfuil sibh imithe agus cad atá ar siúl agaibh (Pictiúr 4).

**NÓTA**

A Mhamaí,

Beimid ar ais go luath,
Bróna.

**Thall →**

**CEIST 6.** Freagair (a) **nó** (b). **(40 marc)**

(a) Féach ar an bpictiúr thíos. Bhí tusa ag an **gCeolchoirm** seo i Halla na Scoile. Tá tú chun alt gearr a scríobh in "Iris na Scoile" faoi.

Scríobh **an t-alt** (timpeall 60 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

**<u>CEOLCHOIRM NA NOLLAG I HALLA NA SCOILE</u>**



**NÓ**

(b) Ba mhaith leat post páirtaimseartha a fháil i rith an tsamhraidh i bpictiúrlann i do cheantar.

Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** thíos don phost sa phictiúrlann.

[**Nóta**: Is tusa Alex de Barra]

## PICTIÚRLANN OMNIPLEX

### Foirm Iarratais

Ainm: Alex de Barra

Seoladh: ______________________________

______________________________

Aois: ______________________________

Breithlá: ______________________________

Cén rang ina bhfuil tú ar scoil? ______________________________

Luaigh trí ábhar scoile a thaitníonn leat. ______________________________

Cén t-ábhar is fearr leat? ______________________________

An maith leat dul go dtí an phictiúrlann? ______________________________

Ainmnigh scannán maith a chonaic tú sa phictiúrlann le déanaí. ______________________________

An mbeidh tú ábalta obair ag an deireadh seachtaine? ______________________________

An fearr leat a bheith ag obair sa lá nó san oíche? ______________________________

An fearr leat a bheith ag díol ticéad nó ag díol milseán? ______________________________

Luaigh obair ar bith a rinne tú roimhe seo. ______________________________

Cén lá den tseachtain ba mhaith leat a bheith saor? ______________________________

Cathain a bheidh tú sásta tosú ar an obair? ______________________________

An bhfuil cead agat ó do thuismitheoirí a bheith ag obair i bpictiúrlann? ______________________________

Síniú: *Alex de Barra*

Dáta: ____________________